

| Cur Síos Gairid                                | Meitheal Forbartha GCAT - Cruinniú 6, 5 Samhain 2024.  |
|--|--|
| <b>Mír ar an gClár</b>                         | <b>Nótaí</b>   |
| <b>An Nuacht is Déanaí</b>                     | Cuireadh fáilte roimh dhá bhall nua ar an ngrúpa. Chuir an Feidhmeannas achoimre ghairid ar fáil ar na chéad cruinnithe eile roimh an gcomhairliúchán.   |
| <b>Struchtúr agus torthaí foghlama</b>         | Rinne an Mheitheal Forbartha athbhreithniú ar dhá dhréachtsnáithe do gach ceann den dá mhodúl agus ar shnáithe aontaitheach nua chun próifíl phearsanta a fhorbairt. Breathnaíodh ar an struchtúr nua a bheith tairbheach agus soiléir agus d'fhéadfadh sé go bhféadfaí an fhoghlaim a chomhtháthú níos mó, agus léiríodh roinnt ábhair inní faoi conas a d'fhéadfaí an fhoghlaim sa snáithe aontaitheach a chomhtháthú níos fearr laistigh de na modúil. Áiríodh leis an aiseolas ailíniú láidir leis na haidhmeanna agus an réasúnaíocht, d'fhéadfaí scileanna boga agus crua a nascadh níos mó le hobair agus le hiarratais ar phoist, d'fhéadfaí ábhar na snáithe pobail a dhíriú níos mó ar mheas a léiriú ar an bpobal agus ar ról an scoláire ann, agus tá gá le roinnt téarmaí agus frásaí a chur ina n-ionad siúd atá ann faoi láthair nó iad a bhaint. |
| <b>Nádúr na Comhpháirte Measúnaithe Breise</b> | I measc an phlé a rinneadh bhí ath-inúsáidteacht tháirge an CMB don scoláire agus é ag dul ar aghaidh tríd an tsraith shinsearach agus ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh a bheith thar a bheith tairbheach agus bunathraitheach; d'fhéadfadh cúig mhír mheasúnaithe a bheith sna cúig shnáithe, b'fhéidir scaipthe thar dhá bhliain; d'fhéadfadh gné athraitheach a bheith ann gach bliain; agus rachadh cur chuige ilmhódach chun tairbhe an scoláire.  |
| <b>Na chéad chéimeanna eile</b>                | Rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad. Chuir na baill in iúl go raibh siad sásta leis an bpróiseas forbartha.<br><br>An Chéad Chruinniú Eile: 5 Nollaig 2024   |